

**Feidhm:** Ag tagairt don aimsir ag tús comhrá  
**Bileoga:** 1.1 agus 1.2

- Scaip **Bileog 1.1**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus iarr orthu Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh tusa na focail leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Abair leo ansin Cuid B agus Cuid C a dhéanamh.
- Bí cinnte go scríobhann na foghlaimeoirí an oiread abairtí agus is féidir leo faoina bpictiúir agus faoin aimsir inniu.
- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang cén cineál lae atá ann inniu.
  
- Scaip **Bileog 1.2** agus abair leis na foghlaimeoirí Cuid A a dhéanamh.
- Mínigh dóibh go bhfuil an t-alt dúshlánach ach go bhfuil an ghluais ann le cuidiú leo.
- Nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin le Cuid B a dhéanamh.
- Pléigh na smaointe a bhí ag an rang iomlán.
- Abair leo na ceisteanna faoi Chuid C a léamh agus bí cinnte go dtuigeann siad iad.
- Cuir an téip ar siúl ansin faoi dhó.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

**Feidhm:** Ag gabháil leithscéil as ucht a bheith mall/Ag cur in iúl do dhuine gur cuma é/í a bheith mall  
**Bileoga:** 1.3 agus 1.4

- Scaip **Bileog 1.3** agus léigh tríd an chomhrá samplach leis an rang ar fad. Bí cinnte go bhfuil gach duine in ann na focail ar fad a fhuaimniú mar is ceart.
- Abair leo ansin an cleachtadh a dhéanamh. Abair leo iarracht a dhéanamh na habairtí a chur san ord ceart fiú mura dtuigeann siad gach focal. Is cleachtadh é seo ar struchtúr na teanga chomh maith le cleachtadh ar stór focal.
- Iarr orthu Cuid B a dhéanamh ansin agus éist leis na frásaí éagsúla a bheidh acu.
  
- Scaip **Bileog 1.4**.
- Cuid A: Abair leo bheith ag obair ina mbeirteanna le brí na bhfocal san alt a aimsiú agus nuair atá sé léite acu cuir ceist ar chúpla duine sa rang cad é ábhar an ailt.
- Léigh thusa an píosa ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sa phíosa.
- Léigh na treoracha faoi Chuid B agus ansin cuir an téip ar siúl.
- Nuair atá sé cloiste ag an rang dhá uair iarr ar chúpla duine na leithscéalta éagsúla a sholáthar duit. Cuir an téip ar siúl arís ag an pointe seo más gá.

- Abair leo Cuid C a dhéanamh ansin, ag obair i mbeirteanna - is féidir leo **Bileog 1.3** a úsáid le cuidiú leo.
- Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.

**Feidhm:** Ag fiafraí de dhuine ar bhuail sé/sí le duine éigin agus ag freagairt na ceiste sin

**Bileoga:** 1.5

- Scaip **Bileog 1.5** agus léigh tríd an chomhrá atá faoi Chuid A.
- Cuir ceist ar an rang faoi bhrí an chomhrá agus cén aimsir atá i gceist leis an chomhrá.
- Déan dul siar gasta anseo ar rialacha na hAimsire Caite (ar + séimhiú le briathra rialta etc.). Faigh na freagraí ón rang an oiread agus is féidir sula dtugann tusa na rialacha dóibh.
- Déan druil leis an rang ansin ag cur ceiste ar dhaoine éagsúla ar bhuail siad le daoine eile sa rang etc.
- Abair leo Cuid B a dhéanamh ansin agus nuair a bheidh sé déanta éist leis na comhráite éagsúla.
- Bí thusa thart le cuidiú le ceist ar bith atá acu.

**Feidhm:** Ag fiafraí de dhuine an duine áirithe é/í agus ag freagairt na ceiste sin

**Bileoga:** 1.6 agus 1.7

- Scaip **Bileog 1.6**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na freagraí leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.

1) An fhoirm cheisteach den bhriathar ‘Tá’ ná ‘An bhfuil’ . . . ?

An fhoirm cheisteach den chopail ‘Is’ ná ‘An’ .. ?

2) - Tá lá deas ann: Tá/níl

- Is deas an lá é: Is deas/ní deas (Nuair a bhíonn forainm nó aidiacht díreach i ndiaidh ‘An’ sa cheist, bíonn an aidiacht/forainm céanna ann sa fhreagra (sampla: An deas an lá é? Is deas. An é Seán an feirmeoir? Is é.)

- Is lá deas é. Sea/ní hea (Nuair a bhíonn ainmfhocal díreach in aice le ‘An’ nó ‘Is’ ag tús na habairte, is é sea/ní hea an freagra atá ann). Sampla: An lá deas é? Sea. An múinteoir tú? Sea. An rang éasca é seo? Sea.

- Pléigh na rialacha leis an rang agus léirigh le samplaí. Déan cinnte de go dtuigeann siad an bhrí atá le hainmfhocal, le forainm agus le haidiacht chun an cleachtadh seo a dhéanamh.
- Déan druil leis an rang ag cleachtadh an struchtúir seo ag tagairt do rudaí éagsúla sa seomra ranga, an aimsir etc. Féach ar na samplaí ar **Bileog 1.6** faoi Chuid B le

- smaointe a thabhairt duit. Bí cinnte go dtabharfaidh na foghlaimeoirí na freagraí cearta agus go dtuigeann siad cén fáth a dtugtar na freagraí sin.
- Abair leo Cuid B a dhéanamh ina mbeirteanna agus ansin ceartaigh é.
  - Nuair atá machnamh déanta acu ar Chuid C iarr ar chúpla duine sa rang a rá leat faoin aimsir.
  - Cuir ceist ar dhaoine éagsúla sa rang faoin aimsir ag úsáid na struchtúr atá díreach pléite agat leis an rang. Bí cinnte go dtugann siad na freagraí cearta gonta.
  
  - Scaip **Bileog 1.7** agus abair leis na foghlaimeoirí na bearnaí i gCuid A a líonadh.
  - Cuir an téip ar siúl ansin do Chuid B agus ceartaigh na freagraí.
  - Mínigh don rang go mbeidh siad ag siúl thart ar an rang ina mbeirteanna ag bualadh le daoine agus ag cur an duine atá leo in aithne do dhaoine eile.
  - Déan tusa sampla le duine amháin sa rang.
  - Abair leo an comhrá faoi Chuid A a úsáid mar shampla dóibh féin.

**Feidhm:** Ag fiafraí de dhuine an bhfuil sé/sí ag baint suilt as ócáid shóisialta agus ag freagairt na ceiste sin

**Bileoga:** 1.8

- Scaip **Bileog 1.8** agus léigh tríd an chomhrá atá faoi Chuid A.
- Léigh tríd na focail sa bhosca agus sna ciorcail le bheith cinnte go dtuigeann an rang brí na bhfocal agus go bhfuil an fuaimniú ceart acu.
- Tabhair tamall dóibh ansin Cuid B a dhéanamh agus bí tusa thart le cuidiú leo le ceist ar bith atá acu.
- Déan druil leis an rang ansin ag cur ceiste ar dhaoine éagsúla an bhfuil siad ag baint suilt as an rang (chun iad a ullmhú do Chuid C). Ansin iarr orthu Cuid C a dhéanamh.

**Feidhm:** Ag cur tuairime in iúl, féachaint an aontaíonn duine leat

**Bileoga:** 1.9 agus 1.10

- Scaip **Bileog 1.9** agus léigh tríd an chomhrá ag tús Chuid A.
- Mínigh an difear idir ‘an bhfuil?’ agus ‘nach bhfuil?’
- Abair leo ansin na bearnaí a líonadh sna habairtí agus cuir i gcuimhne dóibh **Bileog 1.8** a úsáid le cuidiú leo.
- Nuair atá na bearnaí líonta acu abair leo a gcuid freagraí a chur i gcomparáid leis an duine in aice leo agus tabhair deis don rang féachaint siar ar na habairtí ar fad faoi Chuid A sula mbogann tú ar aghaidh go dtí Cuid B.
- Bíodh na pictiúir ar **Bileog 1.10** gearrtha amach agat agus dhá phictiúr tugtha do gach duine sa rang.
- Sula dtéann siad chun cainte le daoine eile mínigh an *scenario* dóibh:

- gur cóisir é an rang

- go mbeidh siad ag cleachtadh a bhfuil foghlamtha acu go dtí seo agus go háirithe na habairtí atá ar **Bhileog 1.9**.
- Is iad na rudaí atá sna pictiúir acu ná na rudaí is maith leo nó nach maith leo faoin chóisir. Caithfidh siad féin cinneadh a dhéanamh faoi an maith leo nó nach maith leo an rud sa phictiúr.
- Scríobh comhrá samplach ar an chlár dubh.

e.g.

- Dia dhuit, a Mháire. Cad é mar atá tú?
- Tá mé go breá. Agus tú féin?
- Go maith, go raibh maith agat. An bhfuil tú ag baint suilt as an chóisir?
- Tá. Tá sé thar barr. Tá an pianó ar fheabhas, nach bhfuil?
- Tá. Tá sé go hiontach. Ach tá an bia go dona, nach bhfuil?
- Tá sé ceart go leor.

**Feidhm:** Ag ól sláinte duine agus ag fágáil slán ag duine  
Ag guí breithlá sona, etc. ar dhuine agus ag freagairt a leithéid de  
ghuí

**Bileoga:** 1.11

- Scaip **Bileog 1.11**, léigh tríd na treoracha faoi Chuid A agus abair leo Cuid A a dhéanamh.
- Pléigh thusa na focail leis an rang ansin le bheith cinnte go bhfuil an chiall cheart agus fuaimniú ceart acu.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh, ag obair leis an duine in aice leo.

**Feidhm:** Ag scríobh agus ag léamh cártaí simplí

**Bileoga:** 1.12 agus 1.13

- Scaip **Bileog 1.12**, léigh tríd na treoracha agus iarr orthu na bearnaí a líonadh.
- Léigh thusa na cártaí ansin leis an rang ar fad agus bí cinnte go dtuigeann gach duine brí na bhfocal sna cártaí.
- Scaip **Bileog 1.13**. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag tógáil ar an mhéid atá déanta ar **Bhileog 1.12** agus gur cleachtadh scríbhneoireachta a bheas i gceist.
- Iarr ar dhaoine éagsúla na focail faoi Chuid A a léamh amach os ard. Díriú aird na bhfoghlaimeoirí ar chiall agus ar fhuaimniú na bhfocal.
- Abair leo ansin Cuid B a dhéanamh agus bí tú féin ar fáil le cuidiú leo más gá.
- Cuir ceist ar chúpla duine sa rang a gcuid cártaí a léamh amach os comhair an ranga.

**Feidhm:** Ag rá go gcaithfidh tú imeacht agus ag rá cén fáth/Ag cur in iúl go bhfuil aiféala ort go bhfuil tú ag imeacht

**Bileoga:** 1.14

- Scaip **Bileog 1.14** agus léigh tríd na treoracha atá faoi Chuid A.
- Ansin léigh tríd na briathra sa bhosca agus abair leo iad a chur sna bearnaí sna habairtí.
- Ceartaigh an ghníomhaíocht leis an rang ansin.
- Abair leo Cuid B a dhéanamh agus ná ceartaigh an comhrá leo go dtí go bhfuil an téip cloiste acu.
- Tabhair seans dóibh Cuid C a dhéanamh ansin.
- Déan tú féin druil leis an rang ansin ag cleachtadh na struchtúr atá sa chomhrá faoi Chuid B.

**Feidhm:** Ag tuiscint sloinnte na hÉireann

**Bileoga:** 1.15

- Scaip **Bileog 1.15** ar na foghlaimeoirí.
- Cuid A: Cuir gach beirt ag obair le chéile. Tabhair seans do na foghlaimeoirí an comhrá a léamh le chéile. Is é an focal ‘sloinne’ an focal nach bhfuil clúdaithe go fóill acu san aonad seo.
- Cuid B: Ansin abair leo a dtuairimí a phlé faoi cad is brí le **Mac** agus **Ó**. Ciallaíonn **Mac** – *son* agus **Ó** – *grandson*. Tagann **Nic** as **Mac** agus **Ní** as **Ó**. **Ní Dhochartaigh** agus **Nic Cárthaigh** atá ann mar sin.
- Tabhair tamall do gach beirt a machnamh a dhéanamh faoi na hathruithe a thagann ar na sloinnte i ndiaidh **Nic** agus **Ní**.
- Mínigh dóibh go gcuirtear séimhiú i ndiaidh **Ní** agus nach mbíonn séimhiú ann i ndiaidh **Nic** de ghnáth ach le sloinnte a thosaíonn le D.
- Abair leo go leanann na rialacha céanna **Uí** agus **Mhic**:

Bn Uí Dhochartaigh  
Bn Mhic Cárthaigh  
Aoife Uí Chonchúir

Bn Mhic Aodh  
Bn Uí Néill  
Nuala Mhic Suibhne

Bn Mhic Dhiarmada  
Máire Mhic Giolla Bhríde  
Síle Uí Shúilleabháin

- Scríobh *Bean Mhic Gabhann* agus *Bean Uí Bhaoill* ar an chlár le bheith cinnte go dtuigeann na foghlaimeoirí gurb é sin an dóigh le **Mrs** a rá as Gaeilge.
- Ansin scríobh *An tUasal Ó Néill* agus *An tUasal Mac Suibhne* ar an chlár le bheith cinnte go bhfuil a fhios acu an dóigh le **Mr** a scríobh as Gaeilge.
- Cuid C: Níl le déanamh anseo ag na foghlaimeoirí ach na ceisteanna ‘Cén sloinne atá ort?’, ‘Cad é an cúlra a bhaineann leis?’ agus ‘Cad is brí leis an sloinne sin?’ a chur ar a chéile. Caithfidh siad smaoineamh ar cad is brí leis an sloinne atá acu nó cé as a dtáinig sé. Mura bhfuil sé ar eolas acu iarr orthu an t-eolas sin a fháil don chéad rang eile más féidir.